- Traffic access in the affected areas was managed
- People were evacuated and accommodated in temporary accommodation.
- There were regular meetings of the Crisis Team and the other principal response agencies from the 20 November until the 3 December.
- Flood damaged materials were removed from domestic properties by Cork City Council.
- A Co-Ordination Centre dedicated to the crisis was set up in City Hall and a free phone telephone number was established for members of the public.
- The DoEHLG were briefed on a daily basis and there were frequent website updates and media briefings as necessary.

While the flood waters receded relatively quickly the residual damage to key properties was significant. In the case of the waterworks the level of impact was such that production was shutdown at midnight on Thursday 19th November. Water supplies were restored on a phased basis from Thursday 26th November to Saturday 28th November and supplies were the subject of a Boil Water Notice until 2nd December. Water supplies were largely restored to normal by 3rd December and the City Manager declared an end to the Civic Emergency on 4th December.

In dealing with the water element of the crisis the Draft Drinking Water Incident Response Plan was utilised. Available reservoir capacity was reserved to serve areas with key health and other institutions. Emergency supplies of drinking water and sanitary water were quickly provided by means of tankers and standpipes in the affected areas. Arrangements were made for the provision of emergency deliveries of bottled and tankered water to elderly/vulnerable residents and to key institutions. Works were carried out to the Lee Road water treatment plant and production restored.

The Council's reservoirs were replenished and the water supply network refilled. Supply was restored to consumers on a phased basis. The scale of the response was unprecedented and involved a coordinated effort by Cork City and County Council, Fire Service, Civil Defence, Army, Navy, Health Service Executive (HSE) and others.

The scale and nature of the water crises is unique in Ireland and presented a range of challenges. The City Council and other agencies worked with the people of the City to ensure that it continued to function throughout the crises. Approximately €3.1m was spent by Council in dealing with the overall event – circa two thirds of which related to the water element. The Department of the Environment subsequently recouped this sum in full to the Council and allocated a further €100,000 for additional flood defences at the Lee Rd waterworks.

Géarchéim na dTuilte

Ar oíche an 19ú /20ú Samhain 2009 bhí tuilte in iarthar Chathair Chorcaí nach raibh súil leo ar chor ar bith. Rinneadh an-chuid damáiste d'árais chónaithe agus tráchtála, áiseánna oideachais, institiúidí sláinte, bóithre/droichid agus ballaí céanna. Rinne na tuilte damáiste shuntasach do ghnéithe ríthábhachtacha d'Oibreacha Uisce Bhóthar na Laoi, rud a chiallaigh gur cailleadh thart ar 70% de ghnáthsholáthar/de ghnáth-acmhainn cóireála uisce na Cathrach. Níor fuair aon duine bás ná níor gortaíodh duine ar bith dá bharr.

Le linn a bheith ag déileáil leis an ngéarchéim, thug Comhairle Cathrach Chorcaí, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile, faoi roinnt beart éagsúil mar fhreagairt ar an ngéarchéim, lena n-áirítear:

- Úsáideadh an Plean Éigeandála Aimsire agus gnéithe eile den Chreat um Bainistiú Éigeandála de réir mar ba chuí.
- Dúnadh na hoibreacha uisce sula ndearnadh damáiste do threalamh leictreach agus d'fhonn cosc a chur le huisce truaillithe a bheith ag sní isteach sa líonra soláthair.
- Rinneadh obair éigeandála d'fhonn deisiúchán a dhéanamh ar bhallaí na cé ag Plás Grenville agus Bóthar Thobar Rí an Domhnaigh.
- Bainistíodh an rochtain tráchta sna limistéir i gceist.
- Aslonnaíodh daoine agus cuireadh cóiríocht shealadach ar fáil dóibh.
- Bhí cruinnithe rialta ag an bhFoireann Éigeandála agus ag na príomhghníomhaireachtaí freagracha eile ón 20 Samhain go dtí an 3 Nollaig.
- Thóg Comhairle Cathrach Chorcaí ábhair a ndearna an tuile damáiste dóibh ó áiteanna cónaithe.
- Bunaíodh Ionad Comhordaithe i Halla na Cathrach le déileáil leis na ngéarchéim agus bunaíodh uimhir ghutháin saorghlao don phobal.
- Tugadh an t-eolas is déanaí don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil gach lá agus cuireadh an t-eolas is déanaí ar an suíomh gréasáin agus scaipeadh an t-eolas cuí ar na meáin nuair ba ghá.

In ainneoin gur chúlaigh an t-uisce go réasúnta tapa rinneadh damáiste suntasach do roinnt áitreabh tábhachtach. Bhí tionchar ollmhór aige seo ar fad ar na hoibreacha uisce agus b'éigean stop a chur leis na hoibreacha ar fad ag meán oíche ar an Déardaoin, 19ú Samhain. Cuireadh na soláthairtí uisce ar fáil arís ar bhonn céimnithe ón Déardaoin, 26ú Samhain go dtí an Satharn, 28ú Samhain agus bhí na soláthairtí uisce faoi réir Fógra Uisce a Fhiuchadh go dtí an 2ú Nollaig. Bhí na soláthairtí uisce beagnach i gceart arís faoin 3ú Nollaig agus d'fhógair an Bainisteoir Cathrach deireadh leis an Éigeandáil Chathartha ar an 4ú Nollaig.

Le linn déileáil leis an ngné uisce den ghéarchéim, baineadh tairbhe as Dréachtphlean Freagartha um Theagmhas Uisce Óil. Coimeádadh an acmhainn infhaighte taiscumair le freastal ar limistéir a raibh institiúidí sláinte agus institiúidí tábhachtacha eile lonnaithe iontu. Bhí soláthairtí éigeandála uisce óil agus uisce sláintíoch ar fáil gan mórán moille i dtancaeir agus i bpíobáin sheasta sna limistéir chuí. Rinneadh socruithe chun uisce buidéalaithe agus uisce i dtancaeir a sholáthar mar ábhar práinne do dhaoine scothaosta/cónaitheoirí leochaileacha agus príomhinstitiúidí. Rinneadh oibreacha ar ionad cóireála uisce Bhóthar na Laoi agus bhí gach rud ag obair i gceart arís gan mórán moille.

Rinneadh taiscumair na Comhairle a athshlánú agus rinneadh an líonra soláthar uisce a athlíonadh. Bhí an soláthar uisce ar fáil do thomhaltóirí arís ar bhonn céimnithe. Ní raibh súil ar bith leis an iarracht mhór a bheadh ag teastáil agus bhain fíorthábhacht le hiarracht chomhordaithe Chomhairle Contae agus Cathrach Chorcaí, an tSeirbhís Dóiteáin, Cosaint Shibhialta, an tArm, an Cabhlach, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus eile.

Tá scála agus nádúr na ngéarchéimeanna uisce in Éirinn thar a bheith neamhghnách rud a chruthaigh roinnt mhaith dúshlán freisin. D'oibrigh an Chomhairle Cathrach agus gníomhaireachtaí eile le pobal na Cathrach d'fhonn a chinntiú gur lean gach rud ag feidhmiú mar ba cheart i rith na géarchéime. Chaith an Chomhairle thart ar €3.1 milliún ag déileáil leis an eachtra seo – caitheadh thart ar dhá trian den airgead sin ar chúrsaí uisce. D'éirigh leis an Roinn Comhshaoil an tsuim iomlán airgid seo a fhorchúiteamh don Chomhairle agus leithdháileadh €100,000 eile do chosaintí breise ó thuilte ag oibreacha uisce Bhóthar na Laoi.

Environment

Summary of key data

Population normally serviced by Lee Road Water Treatment Plant:	89,000
Population serviced by emergency mains rerouting:	39,000
Number of City Council personnel involved in the water response:	>200
Number of meetings of inter-agency crisis management team:	10
Population serviced by tankers, standpipes and special deliveries:	50,000 (circa 18,000 households)
Number of water distribution points set up:	62
Times of operation of distribution points:	8.00am – 8.00pm
Number of tankers used to distribute water at height of crisis:	42
Volume of water distributed by Cork City Council via tanker/mains:	6 million litres
Volume of bottled water distributed:	300,000 litres
Number of elderly/vulnerable persons receiving daily home deliveries from Army and others:	>3,000
Number of schools receiving emergency water via tankers:	40
Number of hotels/leisure centres providing facilities for washing free of charge:	10
Visitors to the Council Website:	108,408
Council WebPages viewed:	342,991
Press releases /updates:	42
Average daily staffing for crisis coordination room:	8
Average number of calls per day:	350
Duration of Civic Emergency:	14 days (November 20th to December 3rd 2009)
Cost of emergency water response:	> €2m
Time to repair network:	> 6 months

Glashaboy to Tivoli Watermain

In late 2006 the Department of the Environment, Heritage and Local Government approved plans for the construction of a trunk main from Glashaboy Water Scheme (Little Island) to Tivoli Industrial Estate for fire fighting purposes and for augmentation of existing supplies. Construction of the 600mm diameter main commenced in August 2008 and as part of the main is located on Irish Rail property construction had to be co-coordinated with the reconstruction of the Cork- Midleton railway line. The project was completed in July 2009 at a cost of €2.65m. During the flooding and severe weather crisis in late 2009 the watermain was utilized to supplement supply to the city.

There were 3 Environment Strategic Policy Committee meetings held in 2009. Items considered included:

1) Water, Sanitary and Environmental Matters to 31/12/09
2) Lifetime Lab
3) Recycling
4) Motions referred from council
5) The Waste Management Plan
6) The River Basin Management Plan

Achoimre ar na príomhshonraí-

An daonra a bhfuil Ionad Cóireála Uisce Bhóthar na Laoi ag freastal air:	89,000
An daonra a d'fhreastail athródú príomhlínte éigeandála air:	39,000
An líon pearsan ón gComhairle Cathrach a bhí páirteach san obair éigeandála uisce:	>200
An líon cruinnithe a bhí ag an bhfoireann bainistíochta éigeandála idirghníomhaireachta:	10
An daonra a d'fhreastail tancaeir, píobáin sheasta agus seachadtaí speisialta orthu:	50,000 (thart ar 18,000 teaghlach)
An líon pointí dáileacháin uisce a bunaíodh:	62
Amanna oibriúcháin na bpointí dáileacháin:	8.00rn – 8.00in
An líon tancaer a úsáideadh chun uisce a dháileadh le linn na laethanta is measa den ghéarchéim:	42
An toirt uisce a dháil Comhairle Cathrach Chorcaí trí thancaeir/príomhlínte:	6 milliún lítear
An toirt uisce buidéalaithe a dáileadh:	300,000 lítear
An líon daoine scothaosta/leochaileacha a fuair seachadtaí laethúla baile ón Arm agus ó dhreamanna eile:	>3,000
An líon scoileanna a fuair uisce ó thancaeir:	40
An líon óstán/ionad fóillíochta a bhí ag soláthar áiseánna níocháin saor in aisce:	10
An líon daoine a thug cuairt ar Shuíomh Gréasáin na Comhairle:	108,408
An líon Leathanach Gréasáin de chuid na Comhairle ar breathnaíodh orthu:	342,991
Preasráitis / nuashonruithe:	42
An meánlíon foirne a bhí ag obair sa seomra comhordaithe géarchéime:	8
An meánlíon glaonna gutháin in aghaidh an lae:	350
Fad na hÉigeandála Cathartha:	14 lá (20ú Samhain go 3ú Nollaig 2009)
Costas na héigeandála uisce:	> €2 milliún
An méid ama a thóg sé an líonra a dheisiú:	> 6 mhí

Príomhlíonra Uisce na Glaise Buí go Tivoli

Ag deireadh 2006, cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil pleananna chun príomhphíobán uisce a thógáil ó Scéim Uisce na Glaise Buí (An tOileán Beag) chomh fada le hEastát Tionsclaíoch Tivoli chun freastal ar riachtanais chomhraicthe dóiteáin agus chun soláthairtí reatha a mhéadú. Cuireadh tús leis an obair a bhain le príomhphíobán 600mm trastomhais a thógáil i mí Lúnasa 2008 agus ó tharla cuid den phríomhphíobán a bheith lonnaithe ar maoin de chuid Iarnród Éireann bhí sé riachtanach an obair thógála a chomhordú le hatógáil líne iarnróid Chorcaí-Mhainistir na Corann. Críochnaíodh an tionscadal seo a chosain €2.65 milliún i mí Iúil 2009. I rith na dtuilte agus na géarchéime aimsire ag deireadh 2009, úsáideadh an príomhphíobán uisce chun uisce a sholáthar don chathair.

Reáchtáladh 3 chruinniú de chuid Coiste an Bheartais Straitéisigh don Chomhshaol i 2009. I measc na nithe éagsúla a pléadh bhí:

1) Ábhair Uisce, Sláintíochta agus Chomhshaoil go dtí 31/12/09
2) Lifetime Lab
3) Athchúrsáil
4) Rúin a phléigh an chomhairle
5) An Plean Bainistíochta Dramhaíola
6) Plean Bainistíochta Abhantraí

Housing and Community

Tithíocht agus Pobal

Douglas Street Education Services Centre

Situated at 107/108 Douglas Street (formerly a Post Office), this exciting new development for adults returning to education is a joint initiative between Cork City Council and the City of Cork VEC. It will assist in further education programmes provided by St. John's Central College and/or other continuing education programmes in Cork city. The complex was officially opened by former Lord Mayor, Cllr. Brian Bermingham on 2nd June 2009 and includes:

- An Adult Education Services Centre for one-to-one and small group tuition – to complement facilities at St John's Central College with Adult Basic Education Services provided by the VEC Adult Literacy Service/Altrusa.

- A Crèche/Childcare Facility for 50 children, whose parents are attending further education programmes at St John's, the College of Commerce & other education & training facilities.

- Five (5) one-bedroom and five (5) two-bedroom apartments for adults in accommodation transition and who contract to attend an accredited education/training programme. This Cork City Council facility is managed by the Sofia Housing Association.

- A Student Service Centre, with Student Welfare looking after disability services, crèche placements, links to accommodation provision, and so on.

The development of the Douglas Street Education Services Centre rehabilitates an important inner city site, which has been derelict for many years. The façade of the former post office, a listed structure, has been sensitively incorporated into the new building.

The Douglas Street Education Services Centre makes a valuable contribution to the social infrastructure of the area by opening up and improving access to St John's Central College Campus. The Centre is designed and built to the highest standards.

The provision of accommodation and the availability of child-care facilities will ensure that on-site residents and other parents are being given a unique opportunity to avail of education and training opportunities.

The provision of these additional facilities ensures an increased focus on access for all to Continuing Education Programmes in the city. They provide flexibility and responsiveness for those wishing to further their education, update their existing skills or for those who wish to avail of a "second chance" in educational terms.

Lárionad Seirbhísí Oideachais Shráid na Dúghlaise

Suite ag 107/108 Sráid na Dúghlaise (iar-Oifig an Phoist), is comh-thionscnamh idir Comhairle Cathrach Chorcaí agus CGO Chathair Chorcaí í an fhorbairt nua spreagúil seo do dhaoine fásta atá ag filleadh ar an oideachas. Cabhróidh sé le cláir bhreisoideachais arna sholáthar ag Lár Choláiste Eoin agus/nó cláir oideachais leantach eile i gcathair Chorcaí. D'oscail an t-iar-Ardmhéara, an An Comh. Brian Bermingham an coimpléasc go hoifigiúil ar 2ú Meitheamh 2009 agus áirítear ann:

• Lárionad Seirbhísí Oideachais Aosaigh le haghaidh teagasc duine-le-duine nó i ngrúpaí beaga – i ndáil le háiseánna i Lár Choláiste Eoin a chomhlánú le Seirbhísí Oideachais Bhunata Aosach arna sholáthar ag Seirbhís Litearthachta Aosaigh CGO/Altrusa.

• Áis um Chúram Leanaí/Crèche do 50 leanbh, a bhfuil a dtuismitheoirí ag freastal ar chláir bhreisoideachais i Lár Choláiste Eoin, sa Choláiste Tráchtála & in áiseánna oideachais & oiliúna eile.

• Cúig (5) árasán le seomra codlata amháin iontu agus cúig (5) árasán dhá sheomra codlata d'aosaigh atá ag aistriú cóiríochta agus a gheallann go bhfuil siad le freastal ar chlár oideachais/oiliúna creidiúnaithe. Déanann Cumann Tithíochta Sofia an áis seo de chuid Comhairle Cathrach Chorcaí a bhainistiú.

• Lárionad Seirbhíse na Mac Léinn, le Leas na Mac Léinn ag freastal ar sheirbhísí míchumais, socrúcháin crèche, naisc chuig soláthar cóiríochta, agus a leithéid sin.

Le forbairt Lárionaid Seirbhísí Oideachais Shráid na Dúghlaise athshlánaítear suíomh tábhachtach ionchathrach, a raibh tréigthe ar feadh na blianta. Rinneadh aghaidh iar-oifig an phoist, struchtúr liostaithe, a ionchorprú go híogair sa bhfoirgneamh nua.

Cuireann Lárionad Seirbhísí Oideachais Shráid na Dúghlaise go mór le bonneagar sóisialta an cheantair trí rochtain chuig Campas Lár Choláiste Eoin a oscailt agus a fheabhsú. Tá an Lárionad deartha agus tógtha chuig na caighdeáin is airde.

Cinnteoidh soláthar na cóiríochta agus infhaighteacht na n-áiseánna um chúram leanaí go bhfuil deis uathúil ag cónaitheoirí ar an láthair agus tuismitheoirí eile leas a bhaint as deiseánna oideachais agus oiliúna.

Cinntíonn soláthar na n-áiseánna breise seo fócas méadaithe ar rochtain do cách ar Chláir um Oideachas Leanúnach sa chathair. Cuireann siad solúbthacht agus freagracht ar fáil dóibh siúd go léir ar mian leo leanúint lena gcuid oideachais, a scileanna eisiacha a nuashonrú nó do na daoine siúd ar mian leo leas a bhaint as "ath-dheis" i dtéarmaí oideachais.

Cork Foyer Garden Project - Growing into the Community

The Foyer Garden Project is a fantastic initiative that has put the Foyer at the heart of the Blackpool community whilst helping the most vulnerable in society, including the homeless. The Foyer was privileged to have the former Lord Mayor Cllr Brian Birmingham officially open the project on the 14th May 2009 which includes a large modern glasshouse, toddler play park, allotment spaces and seasonal cafe with toilet facilities. It was encouraging to see so many people share in the Foyer's celebrations and witness the unveiling of a plaque in recognition of the work undertaken by the previous occupants of the Foyer, the Little Sisters of the Assumption.

During the official opening of the Garden Project it was announced that the Foyer had been successful in its application to secure funding to deliver Fetac accredited and non accredited horticulture programmes to clients from a variety of homeless services, including the Foyer. The generous funding received from Pobal has enabled the Foyer to recruit a VEC registered Horticulturist to deliver horticulture programmes over two years with the kind help of one of the Corrigan's City Farm volunteers, Denis Murphy. The Foyer has also facilitated the therapeutic needs of other vulnerable groups, including the Brothers of Charity and the Basement Centre in addition to numerous visits from local schools etc. The Foyer now has 28 people regularly participating in its horticulture programme.

Another development of the project was the inclusion of RTE in selecting the Foyer as an ideal venue to film Corrigan's City Farm, fronted by celebrity Chef Richard Corrigan. The television programme followed the trials and tribulations of several volunteers growing their own fruit and vegetable and keeping small livestock in an urban setting. With a strong emerging partnership during 2009, Churchfield Trust Ltd and its service users agreed, on a pilot basis, to operate the seasonal cafe to the greater benefit of the community, wider project and those participating in programmes.

Several Foyer residents also volunteered to work in the café, providing them with a realistic experience to add to their CV's. It is anticipated that the café will continue to operate and develop during 2010, and will be linked with a HACCP Certificate for all those who give their time voluntarily.

It is now intended to build on the success of Corrigan's City Farm by continuing to fully utilise the land and establish a mini pet farm to complement the toddler play ground and wider garden project. This will provide the perfect opportunity for the Foyer to integrate into the community.

Strategic Policy Committee:

- Number of meetings: 3

Items discussed:

- Report of the Ombudsman for Children
- Joint Housing Strategy
- Draft Traveller Accommodation Programme 2009-2013

Tionscadal um Ghairdín Fhorhalla Chorcaí – Ag Fás isteach sa Chomhphobal

Is tionscnamh iontach é an Tionscadal um Ghairdín an Fhorhalla atá tar éis an Forhalla a chur i gcroílár comhphobail na Linne Duibhe fad is a chabhraíonn sé leis na daoine is leochailí sa sochaí, lena n-áirítear daoine gan dídean, ag an am céanna. Ba phribhléid don Fhorhalla é gur oscail an t-iar-Ardmhéara, an An Comh. Brian Birmingham an tionscadal go hoifigiúil ar an 14ú Bealtaine 2009 a áiríonn teach gloine mór nua-aimseartha, páirc súgartha na lapadán, spásanna garraí scóir agus caife séasúrach le háiseánna leithris. Ba rud spreagúil é an méid sin daoine a fheiceáil ag ceiliúradh an Fhorhalla agus chun féachaint ar nochtadh plaice mar aitheantas ar an obair déanta ag iar-áititheoirí an Fhorhalla, Siúracha Beaga na Deastógála.

I rith oscailt oifigiúil an Tionscadail um Ghairdín, fógraíodh gur éirigh leis an bhForhalla lena iarratas ar mhaoiniú a dhaingniú d'fhonn cláir ghairneoireachta neamh-chreidiúnaithe agus creidiúnaithe ag Fetac a sheachadadh do chliaint ó raon seirbhísí do dhaoine gan dídean, an Forhalla san áireamh. Tá an maoiniú flaithiúil a fuarthas ó Pobal tar éis ligean don

Fhorhalla gairneolaí atá cláraithe leis an CGO a earcú d'fhonn cláir ghairneoireachta a chur ar fáil thar dhá bhliain le cúnamh cineálta ó dhuine de na hoibrithe deonacha ar Corrigan's City Farm, Denis Murphy. Tá an Forhalla tar éis riachtanais teiripeacha de ghrúpaí leochaileacha eile a éascú chomh maith, lena n-áirítear Bráithre na Carthanachta agus an Lárionad Bonnlaigh i dteannta le roinnt mhaith cuairteanna ó scoileanna áitiúla s.rl. Tá 28 duine sa bhForhalla anois a bhíonn ag glacadh páirt go rialta ina chlár gairneoireachta.

Forbairt eile de chuid an tionscadail ná cuimsiú RTÉ i roghnú an Fhorhalla mar ionad foirfe chun Corrigan's City Farm a scannánú, le Príomhchócaire cáiliúil Richard Corrigan sa phríomhpháirt. Tháinig an clár teilifíse i ndiaidh buaireamh agus crá de chuid roinnt oibrithe deonacha a bhí ag fás a gcuid torthaí agus glasraí féin agus ag coimeád beostoc beag ar shuíomh uirbeach. Le comhpháirtíocht láidir ag teacht chun cinn i rith 2009, d'aontaigh Iontaobhas Chnoc na Cille Teo. (Churchfield Trust Ltd) agus na daoine a bhaineann úsáid as a gcuid seirbhísí, ar bhonn treorach, an caife séasúrach a fheidhmiú ar mhaithe an chomhphobail i gcoitinne, an tionscadail níos leithne agus na ndaoine siúd atá ag glacadh páirt sna cláir.

Thairg roinnt cónaitheoirí sa bhForhalla oibriú sa chaife, ag tabhairt taithí réadúil dóibh le cur ar a gcuid CVanna. Táthar ag súil go leanfaidh an caife ar aghaidh ag feidhmiú agus ag forbairt i rith 2010, agus go mbeidh sé nasctha le Teastas HACCP dóibh siúd go léir a thug a gcuid ama go deonach.

Tá sé beartaithe anois cur le rath Corrigan's City Farm trí leanúint ag baint úsáide iomlán as an talamh agus mion-fheirm peataí a bhunú le cur le clós súgartha na lapadán agus tionscadal an ghairdín i gcoitinne. Cuirfidh sé seo an deis foirfe ar fáil don Fhorhalla dul i lánpháirtíocht leis an gcomhphobal.

Coiste an Bheartais Straitéisigh:

- Líon na gcruinnithe: 3

Ábhair pléite:

- Tuarascáil an Ombudsman do Leanaí
- Comh-Straitéis Tithíochta
- Dréacht-Chlár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2009-2013

Information Systems

Córais Faisnéise

Information Systems

In 2009 the Information Systems department organised and hosted a major international ICT conference, led a major organisational change project with the introduction of Core Time and completed the final stage of the network strategy begun two years previously.

The city council also participated fully in a national buy out of Microsoft licences which allows the city council to operate in a fully compliant licensing context for at least 3 years but at a significantly discounted cost. The local elections in June introduced a new city council and the IS department led the roll out of broadband 'at home' for all 31 council members along with the setup, installation of laptops and mail for each member. The major flood event of November 2009 saw IS staff step up to the responsibilities assigned to them in plans in place from the Major Emergency Response Committee. The IS department was key in setting up the command and call centre over the weekend of the crisis and a member of the IS department managed the daily operation of the call centre over a period of 10 days. The city council website www.corkcity.ie proved to be a vital strategic communications tool in the regular publication of public information, and over 60 public notification statements were published during this time. Several IS department staff were on call 24x7 to support the crisis management team throughout the two week period.

These projects are in effect 'highlights' of 2009 but it is important they are considered in the context of on-going day to day IS operations, which daily provides ICT services to over 870 users across 65 networked sites across the city council.

The Major Cities of Europe Conference

Cork City Council hosted a significant international conference at the Clarion Hotel in June. The information systems department lobbied successfully to ensure the annual conference for the Major Cities of Europe organisation was hosted in Cork. Delegates from over 15 European countries attended the three day event and enjoyed a gala dinner at the Cork City Gaol. The theme of the conference was 'Innovative current & future ICT practices across European Local Governments' and over 30 ICT experts from European cities spoke. The conference was opened by Minister Micheál Martin TD and attracted over 80 delegates.

Core Time and Pay

One of the most important change projects of 2009 was the implementation of a new centralised time management system which saw a new time and attendance module rolled out to over 500 staff across 12 Directorates in City Hall. The Core project team successfully led a smooth transition from a traditionally paper based system to a new swipe card system. The new system allows much improved controls and management information in relation to attendance, absences and has facilitated the introduction of an improved flexitime system for staff.

Major re-design and re-organisation of the network structure and components

2009 saw the completion of the final parts of a 2007 network strategy. A new storage area network was commissioned and installed on site. A new SQL cluster for those applications migrated to SQL2005 was created to provide a new 'failover' alternative in the event of a hardware failure. Our Mail / Exchange server is now replicated every half hour to a remote location using a new synchronisation application, Plate spin.

A buy-out of the Microsoft Enterprise Agreement was negotiated nationally on behalf of the local government sector by the LGCSB. This buy-out cost €370,000 for Cork City Council but will ensure the city council owns sufficient licenses to cover the existing server and desktop population for many years. It also covers a degree of 'future proofing' as under the terms of the buy-out, the site is entitled to upgrade to all current releases of Office, SQL etc.

Córais Faisnéise

I 2009 d'eagraigh agus d'óstáil roinn na gCóras Faisnéise mór-chomhdháil idirnáisiúnta um Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), bhíodar i gceannas ar mhór-thionscadal um athrú eagraíochta le tabhairt isteach Core Time agus chuireadar críoch le céim dheireanach na straitéise gréasáin a cuireadh tús léi dhá bhliain roimhe sin.

Ghlac an chomhairle cathrach páirt iomlán freisin i gceannach amach náisiúnta ar cheadúnais Microsoft a ligean don chomhairle cathrach feidhmiú i gcomhthéacs ceadúnaithe lán géilliúla ar feadh 3 bliana ar a laghad ach ar chostas atá lascainithe go mór. Tháinig comhairle cathrach nua chun cinn de thoradh na dtoghchán áitiúla a bhí ar siúl i mí an Mheithimh agus bhí Roinn na gCóras Faisnéise i gceannas ar rolladh amach an leathanbhanda 'sa bhaile' do 31 ball na comhairle go léir i dteannta le suiteáil, feistiú na ríomhairí glúine agus rphost do gach ball. De bharr na dtuilte móra i mí na Samhna 2009 ghlac foireann CF le freagrachtaí a sainíodh dóibh i bpleananna a shocraigh an Coiste Freagartha na hÉigeandála Móire. Bhí an roinn CF ríthábhachtach i mbunú an lárionaid cheannais agus glaonna thar deireadh seachtaine na géarchéime agus rinne ball den roinn CF feidhmiú laethúil an lárionaid ghlaonna a bhainistiú thar tréimhse 10 lá. Bhí suíomh gréasáin na comhairle cathrach www.corkcity.ie ina uirlis ríthábhachtach do chumarsáidí straitéiseacha i bhfoilsiú rialta na faisnéise poiblí, agus foilsíodh níos mó ná 60 ráiteas um fhógra poiblí le linn na tréimhse seo. Bhí roinnt ball foirne ón roinn CF ar glao-dhualgas 24x7 le tacú leis an bhfoireann bainistíochta géarchéime le linn na tréimhse coicíse.

I ndáiríre tá na tionscadail seo ina 'mbuaicphointí' den bhliain 2009 ach tá sé tábhachtach go mbreathnaítear orthu i gcomhthéacs na n-oibríochtaí CF laethúla leanúnach, a chuireann seirbhísí TFC ar fáil ar bhonn laethúil do níos mó ná 870 úsáideoir ar fud 65 suíomh gréasáin ar fud na comhairle cathrach.

Comhdháil Phríomhchathracha na hEorpa

D'óstáil Comhairle Cathrach Chorcaí comhdháil idirnáisiúnta tábhachtach in Óstán an Clarion i mí an Mheithimh. Rinne roinn na gcóras faisnéise stocaireacht go rathúil lena chinntiú gur óstaíodh an chomhdháil bhliantúil do Phríomhchathracha na hEorpa i gCorcaigh. D'fhreastail dealagáidí ó níos mó ná 15 tír Eorpach ar an ócáid trí lá agus bhain siad taitneamh as dinnéar ceiliúrtha a bhí ar siúil i bPríosún Cathrach Chorcaí. Ba í téama na comhdhála ná 'Cleachtais TFC nuálaíocha reatha & na todhchaí thar Rialtais Áitiúil na hEorpa' agus labhair níos mó ná 30 saineolaí TFC ó chathracha na hEorpa. D'oscail an Aire Micheál Martin TD an chomhdháil úd agus mealladh níos mó ná 80 dealagáidí chuici.

Core Time and Pay

Ceann de na tionscadail athraithe is tábhachtaí i 2009 ba ea forfheidhmiú córais láraithe nua i leith bainistiú ama as a dtáinig modúl ama agus tinrimh nua a rolladh amach chuig níos mó ná 500 ball foirne thar 12 Stiúrthóireacht i Halla na Cathrach. Bhí foireann an tionscadail Core i gceannas go rathúil ar aistriú réidh ó chóras a bhí bunaithe ar phár go traidisiúnta chuig córas svaidhpcártaí nua. Ligeann an córas nua do rialuithe agus faisnéis bhainistíochta atá feabhsaithe go mór maidir le tinreamh, neamhláithreachtaí agus tá sé tar éis an tabhairt isteach de chóras feabhsaithe um uaireanta solúbtha oibre don fhoireann a éascú.

Athdhearadh agus atheagrú mór ar struchtúr agus codanna an ghréasáin

2009 críochnaíodh na codanna deireanacha den straitéis ghréasáin 2007. Coimisiúnaíodh líonra limistéar stórála nua agus feistíodh ar an láthair é. Cruthaíodh cnuasach SQL nua do na hiarrthóirí sin a aistríodh go dtí SQL2005 le rogha 'teipaistrithe' nua a chur ar fáil i gcás teipe crua-earraí. Déantar ár bhfreastalaí Ríomhphoist / Malartaithe a mhacasamhlú gach leath uair a' chloig anois chuig cian-láthair ag baint úsáide as feidhmchlár sioncrónaithe nua, Plate spin.

Rinneadh ceannach amach ar Chomhaontú Fiontair Microsoft a idirbheartú go náisiúnta thar ceann earnáil an rialtais áitiúil ag an LGCSB. Bhí costas €370,000 ar an gceannach amach seo do Chomhairle Cathrach Chorcaí ach cinnteoidh sé go mbeidh a dhóthain ceadúnais ag an gcomhairle cathrach chun an freastalaí eisiach agus daonra an ríomhaire deisce a chlúdach ar feadh na blianta. Clúdaíonn sé roinnt 'promhadh ó thaobh na todhchaí' chomh maith mar atá faoi théarmaí an cheannaithe amach, tá an suíomh i dteideal uasghrádú de na heisiúintí reatha go léir de Office, SQL s.rl.

Personnel



Pearsanra

Personnel

CORE Time and Attendance

The CORE Time and Attendance system was rolled out during the year for all City Hall staff. The system provides for electronic recording of staff attendance and leave and was fully operational by year end. This was another part of the CORE HR system being introduced on a phased basis throughout the Local Government Sector. The overall system will greatly improve personnel administration and provide much needed and valuable data on all aspects of HR Management.

Staffing Moratorium

2009 saw the introduction of the Government imposed moratorium on the filling of public service posts by recruitment, promotion or the payment of allowances. The moratorium was supported by a number of initiatives aimed at reducing staff numbers involving incentivised early retirement and career break schemes and various similar measures.

As a consequence Cork City Council lost over 170 staff from across the organisation and their departure was managed by the Department's Welfare Section. The Council continues to cope with the impact of such losses on its ability to deliver services. As many of the retirements were towards the end of the year the full impact of the reductions will only become apparent in 2010 and beyond.

Danish Trainee Programme

2009 saw the continuation of the Danish Trainee Programme between Cork City Council and the Municipalities of Koge/Stevns. Cork City Council is one of 3 local authorities that participate in this programme that offers two Danish trainees 3 months administrative work experience. The trainees were based in the City Library and Finance Sections for their tenure with the Council. Each year the trainees' Danish supervisors visit the City Hall to observe the trainees in their working environment.

Cork City Council has been participating in this programme for 13 years with the trainees and the Council benefiting enormously from the arrangement.

CORE Time and Attendance.

Rinneadh an córas Core Time agus Attendance a rolladh amach i rith na bliana d'fhoireann uile Halla na Cathrach. Déanann an córas foráil do thaifead leictreonach de thinreamh agus saoire na foirne agus bhí sé i bhfeidhm ina iomlán faoi dheireadh na bliana. Ba chuid eile é seo den chóras CORE HR á thabhairt isteach ar bhonn céimithe ar fud Earnáil an Rialtais Áitiúil. Déanfaidh an córas foriomlán riarachán foirne a fheabhsú go mór agus chuirfidh sé sonraí luachmhara ar fáil a bhfuil géarghá orthu faoi gach gné de Bhainistíocht Acmhainní Daonna.

Moratóir Earcaíochta.

I 2009 tugadh isteach moratóir arna ghearradh ag an Rialtas do líonadh post na seirbhísí poiblí trí mheán earcaíochta, ardaithe céime nó íocaíochta liúntais. Tacaíodh roinnt tionscnamh leis an moratóir ag a bhí dírithe ar líon na bhfoirne a laghdú le scéimeanna dreasaithe um luathscor agus sos gairme agus bearta comhchosúla eile san áireamh.

Mar thoradh, chaill Comhairle Cathrach Chorcaí os cionn 170 ball foirne ón eagraíocht ar fad agus rinneadh a gcuid imeachta a bhainistiú trí Rannóg Leasa na Roinne. Leanann an Chomhairle uirthi ag déileáil le tionchair caillteanais dá leithéid ar a cumas chun seirbhísí a sheachadadh. Toisc gur tharla mórán de na scoir i dtreo deireadh na bliana ní bheidh tionchar iomlán na laghduithe le feiceáil ach i 2010 agus níos faide ar aghaidh.

Clár Oiliúnaithe na Danmhairge

I 2009 leanadh ar aghaidh le Clár Oiliúnaithe na Danmhairge idir Comhairle Cathrach Chorcaí agus Bardais Koge/Stevns. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí mar cheann den 3 údarás áitiúil a ghlacann páirt sa chlár seo a tháirgeann taithí oibre riaracháin 3 mhí do bheirt oiliúnaí Danmhargach. Bhí na hoiliúnaithe bunaithe i Leabharlann na Cathrach agus sna Rannóga Airgeadais dá dtréimhse oifige leis an gComhairle. Gach bhliain tugann maoirseoirí na n-oiliúnaithe Danmhargach cuairt chuig Halla na Cathrach chun féachaint ar na hoiliúnaithe ina dtimpeallacht oibre.

Tá Chomhairle Cathrach Chorcaí ag glacadh páirt sa chlár seo le 13 bliain anuas agus tá na hoiliúnaithe agus an Chomhairle ag baint tairbhe suntasach as an socrú.

Planning and Development

Pleanáil agus Forbairt

Planning and Development

Planning Policy

Cork City Development Plan: A new Cork City Development Plan 2009-2015 came into operation in May 2009, following a period of public consultation on amendments to the draft plan. The new Plan covers the 6 year period to 2015 and sets out a vision and guiding policy for the development of the city in terms of physical growth and renewal, economic, social and cultural activity and environmental protection and enhancement. The Plan was based on the strategic framework of the CASP update and also incorporated Housing and Retail Strategies prepared jointly with Cork County Council.

Local Plans: The Farranferris Local Area Plan was adopted in July 2009 and a draft Local Area Plan for the South Parish was sent for public consultation in November. Work commenced on an Area Action Plan for Blackpool Village and a Local Area Plan for North Blackpool.

Heritage: A number of heritage projects were completed including the publication of 'Nature in the City, a guide to Biodiversity in Cork City', which was circulated to the public. A guide to Architectural Conservation Areas for property owners was also prepared.

Development Management

A significant number of planning applications for large-scale developments for all sectors of Cork were received by the Planning Directorate in 2009 with the potential to radically transform the city for years to come. In the South Docks, planning permissions were granted (a) for a 1.5 million sq ft mixed use scheme on the Old Ford Distribution site, the largest proposal ever received by the City Council and (b) for a 700,000 sq.ft mixed used scheme on the Origin Enterprises lands at Kennedy Quay. Discussions were on-going through 2009 with other key landowners in the South Docks regarding further significant redevelopment proposals for which permission will be sought in 2010.

In the city centre in 2009 key retailing projects grossing over .5 million sq ft at Patrick Street, Emmet Place, and Academy Street were completed, greatly improving the visual appearance of the city centre and strengthening the regional retail base of Cork. On Grand Parade permissions were granted for large-scale retail/mixed use schemes on the Capitol Cinema and City Library sites. Planning permissions for significant office developments at Albert Quay and at Andersons Quay as well as for a new private hospital at Lancaster Quay were also granted permission by the local authority. Proposals for the large-scale redevelopment of the Brooks Haughton site on South Terrace were formally lodged for permission at the end of the year.

On the north-side significant redevelopment proposals submitted for permission included two applications for large-scale mixed-use schemes at the Polefield, Blackpool with permission granted for a significant apartment scheme on the Good Shepherd Convent lands at Sunday's Well. A new MRF facility was permitted at Churchfield. On the south-side large-scale office permissions were granted at Mahon and permissions for significant residential developments were granted at the Crow's Nest, Carrigrohane Road; Springville House, Blackrock Road; and at Blackrock Harbour. Recent interest in healthcare was reflected in applications for over 200 bed-spaces in care for the elderly units at Riverside Farm, Model Farm Road; at Bessboro Convent lands in Blackrock; and at Beaumont. An application for permission for a major new District Shopping Centre at Wilton incorporating new retailing, a hotel and conference centre, a cinema, medical units, student housing, and a new civic square and pedestrianised streets was received by the planning authority at the end of 2009 and is due for a planning decision in 2010.

Pleanáil agus Forbairt

Polasaí Pleanála

Plean Forbartha Chathair Chorcaí: Tháinig Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2009-2015 nua i bhfeidhm i mí Bealtaine 2009, i ndiaidh tréimhse comhairliúcháin faoi leasuithe ar an dréacht-phlean. Clúdaíonn an Plean nua an tréimhse 6 bliana go dtí 2015 agus leagtar amach ann fís agus polasaí treorach d'fhorbairt na cathrach i dtéarmaí fáis agus athnuachan fisiciúil, gníomhaíocht eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha agus cosaint agus feabhsú comhshaoil. Bhí an Plean bunaithe ar chreatlach straitéiseach an CASP nuashonraithe agus ionchorpraíodh Straitéisí Tithíochta agus Miondíola ann a ullmhaíodh go comhpháirteach le Comhairle Contae Chorcaí.

Pleananna Áitiúla: Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil Fhearainn Phiarais i mí Iúil 2009 agus cuireadh dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil do Pharóiste an Deiscirt le haghaidh comhairliúcháin phoiblí i mí na Samhna. Thosaigh obair ar Phlean Gníomhaíochta Ceantair do Shráidbhaile na Linne Duibhe agus Plean Ceantair Áitiúil do Thuaisceart na Linne Duibhe.

Oidhreacht: Cuireadh roinnt tionscadal oidhreachta i gcrích lena n-áirítear foilsiú 'Nature in the City, a guide to Biodiversity in Cork City', a scaipeadh ar an bpobal. Ullmhaíodh treoir chomh maith ar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta d'úinéirí maoine.

Bainistíocht Forbartha

Fuair an Stiúrthóireacht Pleanála líon mór iarratas pleanála ar fhorbairtí mórscála do gach rannóg i gCorcaigh i 2009 leis an gcumas chun an chathair a aistriú go mór ar feadh na blianta le teacht. Sna Duganna Theas, bronnadh cead pleanála (a) ar scéim ilchineálach 1.5 milliún troigh cearnaithe ar Shean-suíomh Dáileacháin Ford, an togra is mó a fuair an Chomhairle Cathrach riamh agus (b) ar scéim ilchineálach 700,000 troigh cearnaithe ar thalún Origin Enterprises ar Ché Uí Chinnéide. Leanadh ar aghaidh le díospóireachtaí i rith na bliana 2009 le príomh úinéirí talún eile sna Duganna Theas ag breathnú ar thograí athfhorbartha suntasacha eile a iarrfar cead dóibh i 2010.

I lár na cathrach i 2009 críochnaíodh príomh-thionscadail mhiondíola a chlúdaíonn níos mó ná .5 milliún troigh cearnaithe ar Shráid Phádraig, Plás Emmet agus Sráid an Acadaimh, ag cur feabhas mór ar chuma lár na cathrach agus ag neartú bunús miondíola réigiúnach Chorcaí. Ar Shráid an Chapaill Bhuí bronnadh cead do scéimeanna ilchineálacha/miondíola mórscála ar shuíomh Phictiúrlann an Capitol agus Leabharlann na Cathrach. Sa bhreis air sin bhronn an t-údarás áitiúil cead pleanála d'fhorbairtí oifige móra ag Cé Ailbhe agus ag Cé Andarsan i dteannta le cead d'ospidéal príobháideach nua ag Cé Lancaster. Cuireadh isteach tograí go foirmiúil ar athfhorbairt mórscála an tsuímh Brooks Haughton ag an Ardán Theas le haghaidh ceada ag deireadh na bliana.

I dtuaisceart na cathrach, i measc na dtograí athfhorbartha suntasach a cuireadh isteach le haghaidh ceada bhí dhá iarratas ar scéimeanna mórscála ilchineálach i bPolefield, an Linn Dubh le cead bronnta le haghaidh scéim árasáin mhór ar thalún Chlochair an Aoire Mhaith i dTobar Rí an Domhnaigh. Tugadh cead d'áis MRF nua i gCnoc na Cille. Sa deisceart, bronnadh cead d'oifigí mórscála i Machan agus bronnadh cead d'fhorbairtí cónaithe móra ag an Crow's Nest, Bóthar Charraig Ruacháin; Teach Bhaile an Tobair, Bóthar na Dúcharraige; agus Cuan na Dúcharraige. Rinneadh suim úrnua i gcúram sláinte a léiriú in iarratais ar níos mó ná 200 leaba in aonaid chúraim do dhaoine scothaosta ag Riverside Farm, Bóthar na Modh-Fheirme; ar thailte Chlochair Bessboro sa Linn Dubh; agus i mBeaumont. Fuair an údarás áitiúil iarratas ar chead le haghaidh Ionad Siopadóireachta Dúiche mór nua ag Wilton a chuimseoidh lárionad miondíola nua, óstán agus ionad comhdhála, pictiúrlann, aonaid leighis, tithíocht do mhic léinn, agus cearnóg cathartha nua agus sráideanna atá áirithe do choisithe amháin, ag deireadh na bliana 2009 agus táthar le cinneadh pleanála a dhéanamh air i 2010.

Planning and Development

Planning Enforcement

Development Contributions:

Total Income 2009: € 4.07 m

Key Projects 2009 funded from Development Contributions

- Green Areas to Parking
- Public Lighting Refurbishment
- Traffic Calming
- Parks/Playgrounds
- Sports Capital Grants

Enforcement Statistics:

To secure compliance with planning controls and prevent unauthorised development, the Enforcement Section took the following action in 2009:

No. of cases investigated:	181
No. of Warning Letters issued:	141
No. of Enforcement Notices served:	29
No. of prosecutions:	6

Planning & Development Strategic Policy Committee

Number of meetings held in 2009: 4

Items considered:

- Cork City Biodiversity Plan
- Joint Housing Strategy
- Proposed Variation No.1 to Cork City Development Plan 2009-2015
- Cork Economic Monitor
- Cork City Walls Management Plan
- Additions to the Record of Protected Structures
- Farranferris Local Area Plan
- South Parish Area Action Plan
- Blackpool Village Area Action Plan
- C.A.S.P. Update

Pleanáil agus Forbairt

Forfheidhmiú Pleanála

Ranníocaíochtaí Forbartha:

Ioncam Iomlán 2009: €4.07 m

Príomh-Thionscadail 2009 maoinithe ó Ranníocaíochtaí Forbartha

- Ceantair Ghlasa do Pháirceáil
- Athchóiriú ar Shoilsiú Poiblí
- Ceansú Tráchta
- Páirceanna/Clóis Súgartha
- Deontais Chaipitil Spóirt

Staitisticí Forfheidhmithe:

D'fhonn géilliúlacht le rialuithe pleanála a dhaingniú agus forbairt nach bhfuil údaraithe a chosc, rinne an Rannóg Forfheidhmithe na nithe seo a leanas i 2009:

Líon na gcásanna a imscrúdaíodh:	181
Líon na Litreacha Rabhaidh a eisíodh:	141
Líon na bhFógraí Forfheidhmithe a bronnadh:	29
Líon na n-ionchúiseamh:	6

Coiste an Bheartais Straitéisigh Pleanála & Forbartha

Líon na gcruinnithe a tionóladh i 2009: 4

Ábhair ar breathnaíodh orthu:

- Plean Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí
- Comh-Straitéis Tithíochta
- Éagsúlacht Molta Uimh.1 ar Phlean Forbartha Chathair Chorcaí 2009-2015
- Monatóir Eacnamaíoch Chorcaí
- Plean Bainistíochta Bhallaí Chathair Chorcaí
- Breiseánna do Thaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint
- Plean Ceantair Áitiúil Fhearainn Phiarais
- Plean Gníomhaíochta Ceantair do Pharóiste an Deiscirt
- Plean Gníomhaíochta Ceantair do Shráidbhaile na Linne Duibhe
- Nuashonrú C.A.S.P.

Recreation, Amenity and Culture





Áineas, Conláiste agus Cultúr

Recreation Amenity and Culture

The Year of the Constant Reader in Cork City Libraries

In 2009 the City Council's Libraries rewarded its readers – the people who borrow books and use other library facilities on a weekly or even daily basis - with a year-long programme to promote reading in all its variety, and just as important, to say a big thank you to the readers. Libraries welcomed some of the biggest names in writing during 2009 - Joseph O'Neill, whose novel Netherland was subsequently named as one of President Obama's favourite reads, Jan Morris, one of the world's most acclaimed travel writers, Michael Holroyd, Val McDermid and others – but there was much more to the Year, with competitions, prizes, book swaps, new book clubs and much more.

Completion of various capital projects

The Banks of the Lee Walkway section from Thomas Davis Bridge to the Lee Fields was completed, the Mardyke Skate Park and Clashduv Park new tennis and basketball courts opened, and a new roof put on Douglas Swimming Pool

Festivals/Events

St Patrick's Festival was held over 3 days in March 2009, attracting attendances of over 70,000. Bonfire Night events were held in various locations throughout the city on 23rd June. Culture Night on 24th September saw 52 venues hosting over 20,000 individual cultural visitors. Christmas on the Grand Parade with Christmas markets and the illumination of Bishop Lucey Park attracted 150,000 attendances during December.

Recreation, Amenity & Culture Strategic Policy Committee

No. of meetings held: 3

Items considered:

- Pilot Allotment Scheme for the City
- Progress report on Libraries Plan

Áineas, Conláiste agus Cultúr

Bliain an Léitheora Leanúnaigh i Leabharlanna Cathrach Chorcaí

I 2009 thug Leabharlanna Cathrach Chorcaí duais dá léitheoirí – na daoine a fhaigheann leabhair ar iasacht agus a bhaineann úsáid as áiseánna leabharlainne eile ar bhonn seachtainiúil nó laethúil fiú – i bhfoirm clár bliana chun léitheoireacht a chur chun cinn ina cuid éagsúlachta go léir, agus chomh tábhachtaí céanna, chun buíochas a ghabháil leis na léitheoirí féin. Chuir leabharlanna fáilte roimh roinnt de na hainmneacha is cáiliúla sa scríbhneoireacht i rith 2009 - Joseph O'Neill, a ainmníodh a úrscéal dar teideal Netherland mar cheann de na leabhair ar fearr leis an Uachtarán Obama, Jan Morris, ceann de na scríbhneoirí taistil is mó cáil ar domhan, Michael Holroyd, Val McDermid agus údair eile – ach bhí i bhfad níos mó i gceist leis an mBliain, le comórtais, duaiseánna, babhtáil leabhar, clubanna leabhar nua agus a thuilleadh.

Críochnú tionscadail chaipitil éagsúla

Críochnaíodh an chuid de Shiúlóid Bhruacha na Laoi ó Dhroichead Thomas Davis go dtí Goirt na Laoi, osclaíodh Pháirc Scátála na Mairdíge agus cúirteanna leadóige agus cispheile Pháirc na Claise Duibhe, agus cuireadh díon nua ar Linn Snámha na Dúghlaise.

Féilte/Imeachtaí

Bhí Féile Naomh Pádraig ar siúl thar 3 lá i Márta

2009, ag mealladh níos mó ná 70,000 duine. Bhí imeachtaí d'Fhéile Tine Naomh Eoin ar siúl i roinnt láithreacha ar fud na cathrach ar 23ú Meitheamh. Ar an Oíche Chultúrtha a bhí ar siúl ar 24ú Meán Fómhair d'óstaigh 52 láthair níos mó ná 20,000 cuairteoir cultúrtha ar leith. Mealladh tinreamh 150,000 duine i rith na Nollag ag Ceiliúradh na Nollag ar Shráid an Chapaill Bhuí le margaí na Nollag agus soilsiú Pháirc an Easpaig Uí Luasa.

Coiste an Bheartais Straitéisigh Áineasa, Conláiste & Cultúir

Líon na gcruinnithe a tionóladh: 3

Ábhair ar breathnaíodh orthu:

- Scéim Treorach na nGarraithe Scóir don Chathair
- Tuarascáil um dhul chun cinn ar Phlean na Leabharlanna

Roads and Transportation

Bóithre agus Iompar

Mardyke Walk Improvement Scheme

Carpenter (Confined)	2	0	2	0	0	0
Electrician (Confined)	1	0	1	0	0	0
General Operative - All Departments except Cleansing Section (Confined)	20	0	20	0	0	0
General Operative - Cleansing Department (Confined)	17	0	14	0	0	0
Leading Fire Fighter	18	0	2	0	2	0
Mason (Confined)	1	0	1	0	0	0
Painter (Confined)	1	0	1	0	0	0
Plumber Environment (Confined)	2	0	2	0	0	0
Plumber Housing (Confined)	4	0	4	0	0	0
Station Officer	8	0	2	0	2	0
Sub Station Officer	10	0	2	0	2	0
Third Fire Officer	9	0	6	0	1	0

COMÓRTAIS

	Líon na nIarratas		Curtha ar an bPainéal		Ceaptha i 2009	
	Fireann	*Baineann*	*Fireann*	*Baineann*	*Fireann*	*Baineann*
Ceapacháin déanta ó chomórtais a tionóladh roimh 2009						
Ailtire Feidhmiúcháin	2	1	2	1	1	0
Oibrí Ginearálta (Teoranta) Gach Rannóg seachas an Roinn Glantacháin	71	2	47	1	1	0
Oibrí Ginearálta (Teoranta) Roinn Glantacháin - Gnáthuaireanta	36	0	32	0	1	0
Ceapacháin déanta ó chomórtais a tionóladh i 2009						
Siúinéir (Teoranta)	2	0	2	0	0	0
Leictreoir (Teoranta)	1	0	1	0	0	0
Oibrí Ginearálta - Gach Rannóg seachas an Roinn Glantacháin (Teoranta)	20	0	20	0	0	0
Oibrí Ginearálta – Roinn Glantacháin (Teoranta)	17	0	14	0	0	0
Príomh-Chomhraiceoir Dóiteáin	18	0	2	0	2	0
Saor (Teoranta)	1	0	1	0	0	0
Péintéir (Teoranta)	1	0	1	0	0	0
Pluiméir Comhshaoil (Teoranta)	2	0	2	0	0	0
Pluiméir Tithíochta (Teoranta)	4	0	4	0	0	0
Oifigeach Stáisiúin	8	0	2	0	2	0
Oifigeach Fo-Stáisiúin	10	0	2	0	2	0
Tríú Oifigeach Dóiteáin	9	0	6	0	1	0

Corporate Plan 2004-2009
Progress Report 2009

Plean Corparáideach 2004-2009
Tuairisc Dul Chun Cinn 2009

Corporate Plan 2004-2009
Annual Progress Report 2009

Cork City Council's Corporate Plan 2004 - 2009 was adopted by the City Council at its meeting of 22nd November 2004. Following on from the Corporate Plan, each section develops annual Operational Plans to implement the actions set out in the Corporate Plan.

The following report outlines the progress made by the main service providers during 2009 in achieving the targets set out in the Plan.

HOUSING AND COMMUNITY

Under the Housing Construction Programme a total of 1854 units (including House purchases) were completed by 31st of December 2009, with 218 units completed and a further 362 units under construction at the end of 2009.

The voluntary sector provided 73 units in 2009 with a further 80 units under construction. Targets as set out under the Affordable Housing Scheme are progressing well, and in 2009 a total of 172 units were completed, with a further 261 units under construction.

In relation to regeneration, work is continuing on Block D of the Knocknaheeny Regeneration Project and on the development of the new Town Centre which is due for completion in July 2010. The first elements of the community facilities, including the new Area Housing Office will be operational in early 2010. The Knocknaheeny Masterplan is currently under review by the NBA and when completed will allow for the continuation of the overall Regeneration Scheme.

The Glen Regeneration Project is continuing. The Enabling Works which comprised of work to existing gardens and boundaries together with new services and upgrading of existing services is due for completion in February 2010.

Major schemes for the refurbishment of the Sunvalley Drive and Cushing Flat complexes continued in 2009 and plans were brought forward for other remedial and refurbishment improvements to stock.

The Department of the Environment scheme for grant aid to Local Authorities in relation to installation of central heating to housing stock was terminated in 2009. Under this scheme approximately 200 new installations were completed in 2009. The progress in 2009 represents a continuation of the level of installations achieved in previous years and brings the total number of installations under the DOEHLG scheme from 2004 to 2009 to approximately 2,350 at a total cost of €15.5m.

In addition, programmes for the servicing of central heating boilers and the installation of attic insulation to houses with inadequate or no insulation also continued in 2009.

In 2009, a review of homeless services in Cork was undertaken by Murtagh & Partners and the recommendations of this review will form the basis of the work for the Homeless Forum going forward. The review takes account of the aims and objectives of the new Government Strategy for Homelessness which was launched by the Department of the Environment, Heritage and Local Government in 2008. 2009 also saw the inclusion of Sophia Housing Association and Focus Ireland in the Homeless Forum.

In 2009, Pobal funding was accessed on behalf of the Homeless Forum to provide for a support worker to meet the needs of non Irish Nationals who are availing of homeless services.

The Cork Foyer in Blackpool also accessed Pobal funding and a horticulturist has been employed to provide a gardening programme for service users. A children's play park was opened at the Foyer for use by the community at large.

2009 saw the opening of a new facility at Douglas Street which provides accommodation and crèche facilities and is targeted at those who wish to continue in education. The project has been set up in conjunction with Cork City VEC.

Plean Corparáideach 2004-2009
Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn 2009

Ghlac an Chomhairle Cathrach le Plean Corparáideach 2004 - 2009 de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí ag a cruinniú ar an 22ú Samhain 2004. Ag leanúint ar aghaidh ón bPlean Corparáideach, forbraíonn gach roinn Pleananna Oibríochta bliantúla chun na gníomhartha leagtha amach sa Phlean Corparáideach a chur i bhfheidhm.

Tugann an tuarascáil seo a leanas breac-chuntas ar an dul chun cinn déanta ag na príomh-sholáthraithe seirbhíse i gcaitheamh na bliana 2009 maidir leis na spriocanna leagtha amach sa Phlean a bhaint amach.

TITHÍOCHT AGUS POBAL

Faoin gClár Tógála Tithíochta, críochnaíodh 1854 aonad ar an iomlán (lena n-áirítear ceannacháin Tí) faoi 31ú Nollaig 2009, le 218 aonad críochnaithe agus 362 aonad breise á dtógáil faoi dheireadh na bliana 2009.

Sholáthair an earnáil dheonach 73 aonad sa bhliain 2009 le 80 aonad breise i mbun tógála. Tá spriocanna a leagadh amach sa Scéim Tithíochta Inacmhainne ag dul chun cinn go maith, agus críochnaíodh 172 aonad ar an iomlán sa bhliain 2009, le 261 aonad breise i mbun tógála.

Maidir le hathghiniúint, táthar ag leanúint le hobair ar Bhloc D de Thionscadal Athghiniúna Chnoc na hAoine agus ar fhorbairt ar Lár an Bhaile nua atá le críochnú in Iúil 2010. Beidh na chéad ghnéithe de na háiseánna pobail, lena n-áirítear an Oifig Tithíochta Ceantair nua i bhfeidhm go luath sa bhliain 2010. Tá an NBA ag déanamh athbhreithniú ar Mháistirphlean Chnoc na hAoine faoi láthair agus ceadófar do leanúint leis an Scéim Athghiniúna foriomlán nuair a bheidh sé críochnaithe.

Tá Tionscadal Athghiniúna an Ghleanna ag leanúint ar aghaidh. Tá na hOibreacha Cumasúcháin, a chuimsigh obair ar ghairdíní agus teorainneacha atá ann cheana in éineacht le seirbhísí nua agus uasghrádú ar sheirbhísí atá ann cheana, le críochnú i mí Feabhra 2010.

Leanadh ar aghaidh le mórscéimeanna chun athchóiriú a dhéanamh ar choimpléisc árasán Sunvalley Drive agus Cushing i 2009 agus tugadh pleananna chun cinn le haghaidh feabhsuithe leasúcháin agus athchóirithe eile ar stoc.
Foirceannadh scéim na Roinne Comhshaoil le haghaidh cúnaimh dheontais d'Údaráis Áitiúla maidir le suiteáil teasa lárnaigh do sholáthar tithíochta i 2009. Faoin scéim seo rinneadh thart ar 200 suiteáil nua i 2009. Léiríonn an dul chun cinn i 2009 gur leanadh le leibhéal na suiteálacha a baineadh amach sna blianta roimhe seo agus is ionann líon iomlán na suiteálacha faoin scéim RCORÁ ó 2004 go 2009 agus thart ar 2,350 ar chostas iomlán de €15.5m.

Ina theannta sin, lean cláir maidir le seirbhísiú a dhéanamh ar choirí téite lárnaigh agus insliú áiléir a shuiteáil i dtithe le hinsliú neamhleor nó gan insliú ar bith ar aghaidh freisin i 2009.

I 2009, thug Murtagh & Partners faoi athbhreithniú ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean i gCorcaigh agus is iad moltaí an athbhreithnithe seo a bheidh mar bhonn leis an obair a dhéanfaidh an Fóram do Dhaoine gan Dídean amach anseo. Áirítear san athbhreithniú seo aidhmeanna agus cuspóirí Straitéis Nua an Rialtais do Dhaoine gan Dídean a sheol an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i 2008. I 2009 glacadh le Cumann Tithíochta Sophia agus le Focus Ireland mar bhall den Fhóram do Dhaoine gan Dídean.

I 2009, fuarthas maoiniú ó Pobal thar ceann an Fhóraim do Dhaoine gan Dídean d'fhonn oibrí tacaíochta a fhostú le freastal ar riachtanais na Náisiúnach neamh-Éireannach atá ag baint tairbhe as seirbhísí do dhaoine gan dídean.

Chomh maith leis sin, bhain Forhalla Chorcaí sa Linn Dubh tairbhe as maoiniú Pobal agus tá gairneoir fostaithe chun clár garraíodóireachta a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse. Osclaíodh páirc spraoi do leanaí san Fhorthallla, páirc a bhfuil cead ag an bpobal trí chéile úsáid a bhaint aisti.

I 2009 osclaíodh áis nua ar Shráid na Dúghlaise, áis ina bhfuil áiseánna cóiríochta agus naíolainne, áis atá dírithe orthu siúd ar mian leo leanúint lena gcuid oideachais. Bunaíodh an tionscadal seo i gcomhar le CGO Chathair Chorcaí.

Tá an Rannóg Tithíochta Sóisialta ag leanúint lena cuid oibre chun cumainn chónaitheoirí a fhorbairt. Reáchtáladh tráthnóna oiliúna do chumainn reatha le cúnamh Comhpháirtíocht Chathair Chorcaí. Tá ocht gcumann gníomhach bunaithe agus tá iarrachtaí ar bun cumainn a bhunú ar 11 eastát eile. Leanadh le

The Social Housing Section is continuing its work supporting the development of residents associations. A training evening was held for existing associations with the assistance of Cork City Partnership. Eight active associations are in place and efforts are well underway to establish associations on 11 other estates.

Various local improvement projects continued during 2009.

RECREATION, AMENITY AND CULTURE

The Council opened a larger Library in Douglas to serve the fast growing south eastern suburbs. The new 1,000 M^2 Douglas Library is located on the first floor of the Douglas Village Shopping Centre. The new facility led to an increase of 21.7% in membership at Douglas Library. The Council also agreed that the former ABODE building on the Skehard Road would be developed as the Blackrock-Mahon Library to serve the communities in the South East Ward.

Hollyhill Library reopened in June 2009, following the closure of the previous premises. The Council also approved the proposal that the St Mary's Road Library should be replaced by a new facility in Blackpool. The much larger premises in Blackpool will be better located to serve the main population centres in the North Central Ward.

Detailed planning progressed on a purpose-designed Hollyhill Library. The City of Cork VEC has agreed in principle to allocate space adjacent to the Terence MacSwiney Community College in Hollyhill / Knocknaheeny to enable a community library of ca 700 M^2 to be built.

The service to Housebound Persons completed its second full year in 2009. The take-up in this very popular service for older and infirm members of the community is an indication of the changing demographic of the city.

The Year of the Constant Reader 2009, a Council initiative unique to Cork, was a great success with the people of the city, young and old. This was a year-long programme to promote reading in all its variety, and to say a big thank you to the Library's 'constant readers', with visits from leading writers, book club events and book swaps.

The Cork St. Patrick's Festival 2009 was the third year the festival was run though the Arts Office of Cork City Council with an emphasis on free family entertainment designed to attract people into the City Centre. The festival was comprised of local artisan food and crafts markets of exceptionally high standard, live music and street entertainment culminating with the St. Patrick's Day parade itself on March 17th.

Culture Night took place for the second year in Cork in 2009. In total 52 venues were involved in Cork Culture Night 2009. Approximately 18,500 individuals attended on the night with approximately 2,700 individuals using the free Culture buses.

Alternative family-friendly events were organised by local community groups in conjunction with Cork City Council on Bonfire Night, Tuesday June 23rd, 2009. In total an estimated number in excess of 7,800 people attended events, up from 6,000 in 2008. Almost 40 different community groups were involved in the organisation of events. Culture Night took place for the second year in Cork in 2009.

Two Family Fun Days took Place in 2009 in the Glen Amenity Park and Gerry O'Sullivan Park.

The weekly Arts Office e newsletter was circulated to 900 subscribers in 2009. This newsletter provides information on arts related news and events.

Cork City Fire Brigade responded to in excess of 3,500 callouts in 2009 involving a varied range of incidents. 9 new recruits successfully completed their training in 2009. An additional water tender was acquired and the hydraulic platform is being overhauled and re-chassised.

In the area of Fire Prevention, all fire safety certificate applications were examined and adjudicated on within the statutory period. The annual inspection programme of licensed premises was carried out and planning applications were examined and advice given as necessary.

Community Fire Safety programmes continued, with

roinnt tionscadal feabhsúcháin éagsúil i rith 2009.

ÁINEAS, CONLÁISTE AGUS CULTÚR

D'oscail an Chomhairle Leabharlann níos mó i nDúghlas le freastal ar cheann de na bruachbhailte is mó fáis san oirthear. Tá Leabharlann nua na Dúghlaise atá 1,000 M^2 lonnaithe ar an gcéad urlár d'Ionad Siopadóireachta Shráidbhaile na Dúghlaise. Ó osclaíodh an áis nua seo tháinig méadú 21.7% ar an líon ball atá ag Leabharlann na Dúghlaise. Lena chois sin, chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart an foirgneamh a bhí ag ABODE tráth ar Bhóthar na Sceiche Airde a fhorbairt mar Leabharlann na Dúcharraige-Mhachan a d'fhreastalódh ar phobal Bharda an Oirdheiscirt.

Athosclaíodh Leabharlann Chnoc an Chuilinn i Meitheamh 2009, i ndiaidh an tseán-suíomh a dhúnadh. Chomh maith leis sin, cheadaigh an Chomhairle an togra gur cheart áis nua a thógáil sa Linn Dubh in ionad Leabharlann Bhóthar Mhuire. Beidh an t-áitreabh níos mó sa Linn Dubh níos inrochtaine chun freastal ar na príomhionaid daonra sa Bharda Lár Thuaidh.

Leanadh le pleanáil mhionsonraithe maidir le Leabharlann saintógtha Chnoc an Chuilinn. Tá aontaithe, i bprionsabal, ag CGO Chathair Chorcaí, spás a sholáthar cóngarach do Scoil Mhic Shuibhne i gCnoc an Chuilinn / Cnoc na hAoine ionas gur féidir leabharlann pobail thart ar 700 M^2 a thógáil.
Cuireadh críoch leis an dara bliain iomlán den tseirbhís do Dhaoine atá Gafa sa Teach i 2009. Tá an-tóir ag daoine scothaosta agus daoine easlána ar an tseirbhís seo, léargas go bhfuil athrú ag teacht ar staid dhéimeagrafach na cathrach.

Spreag Bliain Léitheora Dhíograisigh 2009, tionscnamh de chuid na Comhairle a reáchtáladh i gCorcaigh, spéis phobal na cathrach, idir óg agus aosta. Clár bliana a bhí anseo a raibh sé mar aidhm leis gach cineál léitheoireachta a chur chun cinn, agus buíochas a ghabháil le 'léitheoirí díograiseacha' na Leabharlainne. Mar chuid den chlár thug scríbhneoirí aitheanta cuairt ar an Leabharlann, d'eagraigh an club leabhar imeachtaí éagsúla agus bhí deis ag léitheoirí leabhair a bhabhtáil lena chéile.

Ba é 2009 an tríú bliain as a chéile a reáchtáladh Ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig i gCorcaigh, féile a reáchtáil Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach Chorcaí agus féile a bhí dírithe ar shiamsaíocht saor in aisce a sholáthar do theaghlaigh d'fhonn daoine a mhealladh isteach chuig Lár na Cathrach. Mar chuid den fhéile eagraíodh margaí bia speisialtóra agus margaí ceardaíochta ar ardchaighdeán, ceol beo agus siamsaíocht sráide arb é an pharáid ar Lá Fhéile Pádraig ar an 17ú Márta buaicphointe na n-imeachtaí. Reáchtáladh an Oíche Chultúir don dara bliain as a chéile i gCorcaigh i 2009. Bhí 52 ionad ar fad páirteach in Oíche Chultúir Chorcaí 2009. D'fhreastail thart ar 18,500 duine ar imeachtaí éagsúla na hoíche agus bhain thart ar 2,700 duine úsáid as na busanna Cultúir a cuireadh ar fáil saor in aisce.

D'eagraigh grúpaí pobail áitiúla imeachtaí do theaghlaigh i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí ar Oíche Shamhna, Dé Máirt, an 23ú Meitheamh 2009. Ar an iomlán, measadh gur fhreastail níos mó ná 7,800 ar na himeachtaí éagsúla, méadú 6,000 i gcomparáid le 2008. Bhí baint ag beagnach 40 grúpa pobail difriúil le heagrú na n-imeachtaí. Reáchtáladh an Oíche Chultúir don dara bliain as a chéile i gCorcaigh i 2009.

Reáchtáladh Dhá Lá Spraoi Teaghlaigh i 2009 i bPáirc Áineasa an Ghleanna agus i bPáirc Gerry O'Sullivan.

Seoladh nuachtlitir leictreonach sheachtainiúil na hOifige Ealaíon chuig thart ar 900 duine i 2009. Tá eolas le fáil sa nuachtlitir seo faoi scéalta agus imeachtaí ealaíne.

D'fhreagair Briogáid Dóiteáin Chathair Chorcaí do bhreis agus 3,500 glao amach i 2009 agus is meascán éagsúil teagmhas a bhí i gceist. D'éirigh le naonúr n-earcach nua a gcuid oiliúna a chríochnú i 2009. Fuarthas innill dóiteáin nua uisce agus tá an t-ardán hiodrálach á ollchóiriú agus tá fráma trucaile nua le cur air.

I ndáil le Cosc Dóiteáin, rinneadh scrúdú agus breithniú ar na hiarratais uile ar theastais sábháilteachta dóiteáin laistigh den tréimhse reachtúil. Rinneadh an clár iniúchta bliantúil ar áitribh cheadúnaithe agus rinneadh scrúdú ar iarratais phleanála agus tugadh comhairle de réir mar a bhí riachtanach.

Leanadh le cláir Sábháilteachta Dóiteáin Pobail, agus úsáideadh an tInneall Dóiteáin Pobail chun an scéal maidir le sábháilteacht dóiteáin a scaipeadh i measc an phobail. Eagraíodh roinnt taispeántas i 2009 d'fhonn aird a tharraingt ar an gcontúirt a bhaineann le friochtáin ola a úsáid. Chomh maith leis sin, ghlac Briogáid Dóiteáin Chathair Chorcaí páirt i roinnt tionscnamh i gcomhar leis an Údarás um

the Community Fire Truck being used to spread the fire safety message throughout local communities. A number of demonstrations were carried out in 2009 to highlight the hazards associated with the use of chip pans. Cork City Fire Brigade was also involved in a number of initiatives in conjunction with the Road Safety Authority and other Principal Response Agencies. The national Primary Schools Fire Safety Programme was continued in 2009. 51 schools participated and home fire safety training was delivered to 1815 third class pupils.

In addition to providing a range of services, 2009 saw Cork City Fire Department actively participating in the continued implementation of The Framework for Major Emergency management. Cork City Council participated in and led a number of off-site exercises in conjunction with other Principal Response Agencies. Development of a Local Co-Ordination Centre on the third floor of the Central Fire Station was advanced. This will be used as an inter-agency facility by the Local Authority, An Garda Síochana, and the HSE.

The City Council Sports Capital Grants Scheme awarded grants to 62 clubs towards the cost of enhancing sports facilities throughout the city. The Department continued to support and advise various sports clubs throughout the year, organized various Family fun days and Youth at Risk projects. It continues to ensure that Council leisure facilities are effectively managed to a high quality, and to work with and support Corks Sports Partnership in encouraging greater participation in sports.

The banks of the Lee Walkway section from Thomas Davis Bridge to the Lee Fields was completed, the Mardyke Skate Park and Clashduv Park new tennis and basketball courts opened, and a new roof put on Douglas Swimming Pool. Work commenced on development of a new park at Bridevalley Park, enhancement works at Fairfield, and enhancement of internal pathways at Mahon Golf Course to allow for ride-on buggies to cater for less mobile golfers. Normal maintenance of parks, open spaces and cemeteries continued throughout the year.

ROADS & TRANSPORTATION

The Roads Directorate continued to advance the docklands infrastructure project and completed the oral hearing for both the compulsory purchase order and planning approval for the project. The North Ring Road advanced to route selection and the commencement of the compulsory purchase of lands. Enabling works continued on the final two interchanges on the South Ring Road in anticipation of funding becoming available in 2010.

The Cornmarket streetscape renewal scheme was tendered in 2009, while the St Luke's streetscape renewal scheme was competed in 2009.

In the area of transport planning the work to develop a transport model and a public transport feasibility study was coming to an end in 2009. This study will be brought to the members of both the City and County Councils for approval in 2010 following a process of public consultation.

The Roads Directorate participated in a tender for alternative suppliers of electricity to the City Council organised by the Energy Agency Office in 2009. As a result the cost of electricity for public lighting will be reduced by €116,000 annually with a €16,000 saving for traffic signals in the city.

Six of the Green Routes identified in the CASP have been completed, namely:

- Grange/Frankfield to City Centre
- Mayfield to City Centre
- Curraheen to City Centre
- Airport to South Ring Road
- South Ring Road to City Centre
- Knocknaheeny/Gurranabraher to City Centre.

The Green Route programme was reviewed by the CASP stakeholders in 2009. There is 104km of Green Route completed to date out of a total of 130km planned. This incorporates 12km of dedicated bus lane and 19km of cycle lanes for the entire programme.

In addition to the Park & Ride at the Blackash a further facility was commenced with land acquisition in the west of the city. Operation is anticipated to commence there by the end of 2010.

In terms of mobility demand management the Traffic Division continued involvement in the European

Shábháilteacht ar Bhóithre agus Príomhghníomhaireachtaí Freagartha eile. Leanadh le Clár Sábháilteachta Náisiúnta Dóiteáin na mBunscoileanna i 2009. Bhí 51 scoil páirteach ann agus fuair 1815 dalta i rang a trí oiliúint maidir le sábháilteacht dóiteáin sa bhaile.

Le cois seirbhísí éagsúla a sholáthar, i 2009 ghlac Roinn Dóiteáin Chathair Chorcaí páirt ghníomhach i gcur i bhfeidhm an Chreata um Bainistiú Móréigeandála. Stiúir agus ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí páirt i roinnt imeachtaí seachtracha i gcomhar leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha eile. Leanadh leis an obair ar Ionad Comhordaithe Áitiúil a fhorbairt ar an tríú urlár den Phríomhstáisiún Dóiteáin. Bainfidh an tÚdarás Áitiúil, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte úsáid as an bhforbairt seo mar áis idirghníomhaireachta.

Bhronn Scéim Deontas Caipitil Spóirt na Comhairle Cathrach deontais ar 62 cumann le cabhrú leo áiseánna spóirt ar fud na cathrach a fheabhsú. Lean an Roinn ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta agus comhairle do na clubanna éagsúla spóirt i gcaitheamh na bliana, mar aon le laethanta spraoi do Theaghlaigh a eagrú agus tionscadail do Dhaoine Óga atá i mBaol. Tá an Roinn freagrach as a chinntiú go bhfuil áiseánna fóillíochta na Comhairle á mbainistiú go cuí, mar aon le hoibriú le agus tacú le Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaí chun rannpháirtíocht i spóirt éagsúla a spreagadh.

Críochnaíodh bealach Siúlóide na Laoi idir Droichead Thomas Davis agus Goirt na Laoi, osclaíodh Páirc Scátála na Mairdíge agus cúirteanna nua leadóige agus cispheile Pháirc na Claise Duibhe, agus cuireadh díon nua ar Linn Snámha na Dúghlaise. Cuireadh tús leis an obair fhorbartha ar pháirc nua Páirc Ghleann na Bríde, le hobair feabhsúcháin ag Faiche an Aonaigh, agus cuireadh feabhas ar chosáin inmheánacha ag Galfchúrsa Mhachan ionas go mbeidh galfairí nach bhfuil chomh haclaí sin in ann bugaithe a úsáid. Leanadh leis an ngnáthobair chothabhála ar pháirceanna, spásanna oscailte agus reiligí i gcaitheamh na bliana.

BÓITHRE & IOMPAR

Lean Stiúrthóireacht na mBóithre leis an obair ar thionscadal infreastruchtúir na nduganna agus críochnaíodh an éisteacht ó bhéal don ordú ceannaigh éigeantaigh agus don chead pleanála don tionscadal. Rinneadh dul chun cinn ar roghnú slite an Chuarbhóthair Thuaidh agus cuireadh tús le ceannach éigeantach tailte. Leanadh le hoibreacha cumasúcháin ar an dá acomhal dheireanacha ar an gCuarbhóthar Theas ar an tuiscint go mbeadh maoiniú ar fáil i 2010.

Cuireadh scéim athnuachana sráid-dreacha Shráid Mhargadh an Arbhair amach ar tairiscint i 2009, agus bhí an comórtas iomaíochta le haghaidh scéim athnuachana sráid-dreacha Pharóiste Lúcáis ar siúl i 2009.

I ndáil le pleanáil iompair, bhí an obair a bhain le múnla iompair a fhorbairt agus staidéar féidearthachta ar iompar poiblí ag teacht chun críche i 2009. Cuirfear an staidéar seo faoi bhráid bhaill na gComhairlí Cathrach agus Contae lena cheadú i 2010 i ndiaidh próisis de chomhairliúchán poiblí.

Ghlac Stiúrthóireacht na mBóithre páirt i bpróiseas tairisceana le haghaidh soláthraithe malartacha leictreacha don Chomhairle Cathrach, tairiscint a d'ullmhaigh an Oifig Gníomhaireachta Fuinnimh i 2009. Dá dheasca seo, laghdófar an costas a bhaineann le soilsiú poiblí €116,000 gach bliain agus beidh €16,000 á shábháil do shoilse tráchta sa chathair.

Tá sé cinn de na Bealaí Glasa a aithníodh in CASP críochnaithe, is iad sin:

- An Ghráinseach/Ardán Ghort Phroinsias go Lár na Cathrach
- Baile na mBocht go Lár na Cathrach
- An Curraichín go Lár na Cathrach
- An tAerfort go dtí an Cuarbhóthar Theas
- An Cuarbhóthar Theas go Lár na Cathrach
- Cnoc na hAoine/Garrán na mBráthar go Lár na Cathrach.

Rinne páirtithe leasmhara CASP athbhreithniú ar an mBealach Glas i 2009. Go dtí seo, tá 104km den Bhealach Glas críochnaithe, as an 130km atá beartaithe. Áiríonn sé seo 12km de lána bus tiomnaithe agus 19km de lánaí rothar don chlár iomlán.

Le cois áiseánna Páirceála & Taistil na Luatha Duibhe cuireadh tús le háis eile a fhorbairt ar thalamh a fuarthas in iarthar na cathrach. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair ansin roimh dheireadh 2010.
I dtéarmaí éileamh ar shoghluaisteacht a bhainistiú, lean an Roinn Tráchta lena rannpháirtíocht i dtionscadail Trendy Travel agus Added Value, atá á maoiniú ag an Aontas Eorpach agus d'éirigh go breá leis an gcéad chéim a cheadaigh rannpháirtíocht sa chlár náisiúnta inmharthana iompair Taisteal Níos Cliste.

Union funded projects Trendy Travel and Added Value and was successful in the first stage bid to participate in the national sustainable transport programme Smarter Travel.

ENVIRONMENT

Further progress was made in 2009 in the implementation of the Water Services Investment Programme. This included completion of the Tivoli water scheme which provided a new mains connection from Glashaboy to Tivoli.

The following capital projects were advanced-Lee Road plant upgrade, Inniscarra-Lee Road interconnector, Rising Mains replacement, docklands water scheme, conservation scheme and low/intermediate reservoirs upgrade.

The Council completed a new Assessment of Need for consideration by the DOEHLG in the context of the investment programme for the period 2010-2012. During 2009, the Council also made use of the Drinking Incident Response Plan which was drafted earlier in the year. This plan supported the Councils response to the disruption to water supplies as a result of the November Flooding. With the assistance of the Fire service, Civil Defence, Army, Navy, Gardai, HSE and others the Council provided emergency supplies of drinking and sanitary water for a period of almost two weeks.

Progress made in leak detection/ water conservation was somewhat undermined by the damage arising from extensive rerouting necessitated by the November flooding.

Circa 98% of the charges levied for water services were based on metered use in accordance with the Government's Water Pricing Policy. Receipts for non domestic water supplies declined over the year largely due to reductions in consumption and prompt attention to customer leaks.

The Cork Main Drainage Scheme ensures that waste water from the City is collected and treated in accordance with the requirements of the Urban Waste Water Directive. In excess of 100,000 cubic metres of waste water are now treated on a daily basis prior to final discharge in the upper harbour. It is expected that most of the financial and contractual arrangements in relation to the scheme will be completed in 2010.

During the year a discharge licence was issued for Carrigrennan Waste Water Treatment Plant by the EPA under the provisions of the Waste Water Discharge (Authorisation) Regulation. The plant continues to perform satisfactorily in treating waste water from the City and surrounding areas.

In 2009 the City Council also assisted the Office of Public Works in relation to the flood relief study which is being undertaken for the Cork area. By year end the final report from the OPW was largely complete and scheduled for publication in early 2010. The publication of the report is timely in view of the significant flooding which occurred in the City in November.

The Councils refuse service was availed of by over 29,000 domestic and commercial customers. The scale of the Councils refuse operation has reduced in recent years. This is related to ongoing market fragmentation associated with the increase in the number and scale of private operators. The Councils service has been the subject of ongoing change in line with these developments and the requirements of the local Waste Management Plan and evolving legislation.

In addition to kerbside collection the Council also provides a range of further services including bottle banks and civic amenity sites, hazardous waste collections, support for community clean ups, waivers for people in need, timber recycling services, composting facilities, free take back of electrical goods, landfill facilities, education/ awareness initiatives etc. Approx 7,000 tonnes of dry recyclable material were recovered during 2009 and a further 11,500 tonnes of material was diverted from landfill through the Councils bring bank network, Civic Amenity Site and timber /green waste recovery facilities.

Landfilling ceased at the Kinsale Road and arrangements made for final capping and future management of the site. It is expected that the final capping contract will be tendered and commenced in 2010. Arrangements have been made for disposal of City waste at Youghal landfill in the first instance and

COMHSHAOL

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i 2009 ar Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce a chur i bhfeidhm. D'áirigh sé seo scéim uisce Tivoli a thabhairt chun críche, scéim a sholáthair nasc nua príomhlíne ón nGlaise Bhuí go Tivoli.

Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail chaipitil seo a leanas freisin – uasghrádú Bhóthar na Laoi, Idirnascaire Inis Cara-Bhóthar na Laoi, athsholáthar Príomhlínte Uisce, scéim uisce na nduganna, scéim chaomhnaithe agus uasghrádú taiscumar íseal/idirmheánach.

Chuir an Chomhairle Measúnú Riachtanas nua i dtoll a chéile a bhí le meas ag an RCORÁ i gcomhthéacs an chláir infheistíochta don tréimhse 2010-2012.

I rith 2009, bhain an Chomhairle úsáid as an bPlean Freagartha um Theagmhas Óil a dréachtaíodh níos túisce sa bhliain. Thacaigh an plean seo le freagra na Comhairle don chur isteach ar sholáthairtí uisce mar thoradh ar Thuilte na Samhna. Le cabhair ón tSeirbhís Dóiteáin, Cosaint Shibhialta, an tArm, an Cabhlach, An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus dreamanna eile, sholáthar an Chomhairle soláthairtí éigeandála uisce óil agus sláintíoch ar feadh coicíse beagnach.

Cuireadh bac ar an dul chun cinn a rinneadh ar bhrath sceith uisce / caomhnú uisce de thoradh an damáiste a rinneadh mar gheall ar an atreorú ar fad a bhí riachtanach i ndiaidh thuilte na Samhna.

Bhí thart ar 98% de na táillí a gearradh le haghaidh seirbhísí uisce bunaithe ar úsáid mhéadraithe de réir Bheartas Praghsála Uisce an Rialtais. Laghdaigh fáltais le haghaidh soláthairtí uisce neamhthráchtála le bliain anuas de thoradh laghdú ar thomhaltas agus déileáil go tapa le sceith uisce ar bith a tuairiscíodh. Cinntíonn Príomhscéim Draenála Chorcaí go mbailítear agus go gcóireáiltear fuíolluisce na Cathrach de réir riachtanais na Treorach Fuíolluisce Uirbí. Tá breis agus 100,000 méadar ciúbach fuíolluisce anois á chóireáil go laethúil roimh dhoirteadh deiridh isteach in uachtar an chuain. Táthar ag súil go gcuirfear críoch le formhór na socruithe airgeadais agus conarthacha i ndáil leis an scéim seo i 2010.

I rith na bliana, d'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceadúnas doirte le haghaidh Ionad Cóireála Fuíolluisce Charraig an Ghrianáin faoi fhorálacha an Rialacháin um Dhoirteach Fuíolluisce (Údarú). Tá an t-ionad ag leanúint ag feidhmiú go sásúil i ndáil le fuíolluisce ón gCathair agus ó cheantair máguaird a chóireáil.

I 2009, chabhraigh an Chomhairle Cathrach le hOifig na nOibreacha Poiblí le staidéar ar fhaoiseamh tuile atá ar bun i gceantar Chorcaí. Faoi dheireadh na bliana bhí an tuarascáil deiridh ó Oifig na nOibreacha Poiblí beagnach críochnaithe agus réidh le foilsiú go luath i 2010. Tá foilsiú na tuarascála seo tráthúil go leor i bhfianaise na dtuilte suntasacha a tharla sa Chathair i mí na Samhna.

Bhain os cionn 29,000 custaiméir teaghlaigh agus tráchtála úsáid as seirbhís bhailiú bruscair na Comhairle. Tá laghdú tagtha ar scála scéim bhailiú bruscair na Comhairle le blianta beaga anuas. Baineann sé seo le roinnt leanúnach an mhargaidh atá bunaithe ar mhéadú ar líon agus ar scála na n-oibreoirí príobháideacha. Bhí seirbhís na Comhairle faoi réir athrú leanúnach ar aon dul leis na forbairtí seo, riachtanais an Phlean Bainistíochta Dramhaíola áitiúil agus reachtaíocht atá á forbairt i láthair na huaire.

Le cois bruscar a bhailiú ag an gcosán soláthraíonn an Chomhairle seirbhísí eile lena n-áirítear bainc bhuidéal agus ionaid fóntas poiblí, dramhaíl ghuaiseach a bhailiú, tacú le seisiúin ghlantacháin pobail, tarscaoileadh do dhaoine i mbaol, seirbhísí athchúrsála adhmaid, áiseánna múirínithe, deis fáil réidh le hearraí leictreacha saor in aisce, áiseánna líonta talún, tionscnaimh oideachais / feasachta s.rl. Bailíodh thart ar 7,000 tona d'ábhar tirim in-athchúrsáilte i rith 2009 agus coimeádadh 11,500 tona breise d'ábhar ó líonadh talún trí ghréasán banc 'fág anseo' na Comhairle, Ionad Fóntas Poiblí agus áiseánna aisghabhála adhmaid /ábhair ghlais.

Cuireadh deireadh le líonadh talún ar Bhóthar Chionn tSáile agus tá socruithe ar bun do bharrchaidhpeáil agus bainistíocht an tsuímh amach anseo. Meastar go gcuirfear conradh na barrchaidhpeála ar tairiscint i 2010 agus go gcuirfear tús leis gan mórán moille. Tá socruithe déanta chun dramhaíl na Cathrach a dhiúscairt ag áis líonta talún Eochaille ar dtús agus ansin ag áis líonta talún nua réigiúnach ag Cnocán an Bhuidéil.

I rith 2009, lean an Chomhairle leis an bPlean Bainistíochta Bruscair a chur i bhfeidhm. I rith na bliana ba iad na príomhthionscnaimh a forbraíodh leathnú na seirbhíse bhailiú earraí builc agus cuireadh leis an ngníomhaíocht a bhí ar bun sa réimse forfheidhmiúcháin. Tá an Chomhairle ag leanúint ag tacú le gníomhaíocht pobail sa chath i gcoinne bruscair trí Scéim na nDeontas Pobail. Cuireadh leis

thereafter at the new regional landfill at Bottlehill.

During 2009 the Council continued its implementation of the Litter Management Plan. Key initiatives progressed during the year include the extension of the bulky goods collection service and increased enforcement activity. The Council continues to encourage local community action in the fight against litter through the Community Grants Scheme. Enforcement activity has been augmented through the introduction of CCTV cameras in areas which have been subjected to flytipping.

The Lifetime Lab staff continued to attract high numbers of visitors (circa 16,000 per annum) for its various programmes. The Energy Agency provided valuable assistance in relation to the Councils energy requirements and the development of the Councils Climate Change Strategy.

PLANNING & DEVELOPMENT

The new Cork City Development Plan 2009 – 2015 was completed and adopted by the City Council in April 2009. It incorporates the CASP update strategy for the Greater Cork Area and joint Cork City and County Retail and Housing Strategies. Variation No 1 of the Plan was adopted later in 2009 to incorporate the Farranferris Local Area Plan.

The Farranferris Local Area Plan was adopted in July 2009 and a draft Action Plan for the South Parish was prepared and circulated for public consultation. Work commenced on an Action Plan for Blackpool Village and a Local Area Plan for North Blackpool. A Development Brief was prepared for the South Docks District Centre. Input was also made into the preparation of the Regional Planning Guidelines.

Other achievements during the year included:

- 10 Heritage Plan Actions were completed, so that overall, 31 out of a total of 47 Heritage Plan Actions have been completed to date.
- Cork Heritage Open Day was held on Saturday 29th August, 2009. Over 5,000 people visited 34 buildings which were open to the public.
- Conservation grants of €134,000 were paid out in respect of 26 structures.
- The Cork Economic Monitor was produced in the Spring and the Autumn.
- An archaeological lecture series was held in the City Library and was very well attended.
- A Medieval celebration was held in Bishop Lucy Park during Heritage Week to celebrate Walled Towns Day.

The Planning and Development Directorate made decisions on 585 planning applications during 2009 of which 86% were decisions to grant permission, and have been pro-active in meeting prospective applicants for pre-planning consultations. The significant recently permitted retail developments in the city centre at Patrick Street, Academy Street, Half Moon Street and Cornmarket Street incorporating some 1/2 million square feet of new retail floorspace were all completed by 2009 and have contributed greatly in revitalising the central area as well as strengthening the role of Cork City as a regional shopping destination.

Significant applications considered during 2009 include major office developments at Albert Quay, Private Hospitals at both Lancaster Quay and Mahon, mixed use developments at Andersons Quay, Mahon and Blackpool. An application for a major re-development of the Wilton Shopping Centre was also received and is under consideration as are proposals for the vacant Brooks Haughton site at South Terrace/Copley Street.

The Development Contribution Scheme, adopted in January 2004, yielded €4m in 2009. These contributions are applied to service current and future development in Cork City and are ring-fenced for capital works.

Increased activity in the Planning Enforcement section has resulted in compliance being achieved through negotiation in many cases, or via successful prosecutions for failure to comply with planning legislation. As a result there is a greater awareness of the necessity to comply with the planning code.

an ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin trí cheamaraí slándála TCI a shuiteáil in áiteanna a raibh deacracht le diúscairt mhídhleathach iontu.

Thug líon mór cuairteoirí cuairt ar an Lifetime Lab (thart ar 16,000 sa bhliain) chun súil a chaitheamh ar na cláir éagsúla a bhí á soláthar. Thug an Ghníomhaireacht Fuinnimh go leor cúnaimh le riachtanais fuinnimh na Comhairle agus le forbairt Straitéis um Athrú Aeráide na Comhairle.

PLEANÁIL & FORBAIRT

Críochnaíodh Plean Forbartha nua Chathair Chorcaí 2009 – 2015 agus ghlac an Chomhairle Cathrach leis i mí Aibreáin 2009. Áirítear sa Phlean straitéis nuashonraithe CASP do Mhórcheantar Chorcaí agus Straitéisí Miondíola agus Tithíochta Chathair agus Chontae Chorcaí. Glacadh le Leagan Uimh. 1 den Phlean níos faide anonn i 2009 d'fhonn Plean Ceantair Áitiúil Fhearann Phiarais a chur san áireamh.

Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil Fhearann Phiarais i mí Iúil 2009 agus ullmhaíodh agus dáileadh Dréachtphlean Gníomhaíochta don Pharóiste Theas le haghaidh comhairliúchán poiblí. Cuireadh tús leis an obair ar Phlean Gníomhaíochta do Shráidbhaile na Linne Duibhe mar aon le Plean Ceantair Áitiúil don Linn Dubh Thuaidh. Ullmhaíodh Treoir Forbartha do Lár Cheantar na nDuganna Theas. Bhí baint acu freisin le hullmhú na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha.

I measc éachtaí eile i rith na bliana bhí:

• Críochnaíodh 10 bPlean Gníomhaíochta Oidhreachta, rud a chiallaíonn go bhfuil 31 as 47 Plean Gníomhaíochta Oidhreachta críochnaithe go dtí seo.

• Reáchtáladh Lá Oscailte Oidhreacht Chorcaí ar an Satharn, 29ú Lúnasa 2009. Thug breis agus 5,000 duine cuairt ar an 34 foirgneamh atá ar oscailt don phobal.

• Íocadh deontais chaomhnaithe luach €134,000 i ndáil leis an 26 struchtúr.

• Cuireadh Monatóir Eacnamaíoch Chorcaí i dtoll a chéile san Earrach agus san Fhómhar.

• Eagraíodh sraith léachtaí seándálaíochta i Leabharlann na Cathrach agus d'fhreastail slua maith ar na léachtaí ar fad.

• Eagraíodh ceiliúradh meánaoiseach i bPáirc an Easpaig Uí Luasa i rith na Seachtaine Oidhreachta d'fhonn ceiliúradh a dhéanamh ar Lá na mBailte Múrtha.

Rinne an Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha cinntí maidir le 585 iarratas pleanála i rith 2009 agus in 86% de na cásanna cinneadh cead a thabhairt, agus bhí an Stiúrthóireacht réamhghníomhach le linn bualadh le hiarrthóirí nua le haghaidh comhairliúcháin réamhphleanála. Críochnaíodh na forbairtí suntasacha miondíola a ceadaíodh i lár na cathrach le déanaí ar Shráid Phádraig, Sráid an Acadaimh, Sráid na Leathghealaí agus Sráid Mhargadh an Arbhair i 2009, forbairtí a áiríonn thart ar 1/2 milliún troigh cearnach de spás urláir nua miondíola, forbairtí a chur go mór le hathnuachan lár na cathrach agus le ról Chathair Chorcaí mar ionad réigiúnach siopadóireachta.

I measc na n-iarratas suntasach a measadh i rith 2009 tá mórfhorbairtí oifige ag Cé Ailbhe, Ospidéil Phríobháideacha ag Cé Lancaster agus ag Machain, forbairtí ilchineálacha ag Cé Andarsan, Machain agus an Linn Dubh. Fuarthas iarratas ar athfhorbairt shuntasach ar Ionad Siopadóireachta Wilton freisin, iarratas atá á mheas faoi láthair mar aon le tograí do shuíomh folamh Brooks Haughton ag an Ardán Theas/Sráid Copley.

Thuill an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha, ar glacadh léi i mí Eanáir 2004, €4 milliún i 2009. Úsáidtear na ranníocaíochtaí seo ar fhorbairt seirbhíse reatha agus ar fhorbairt a dhéanamh amach anseo i gCathair Chorcaí agus tá siad imfhálaithe d'oibreacha caipitiúla.

Chiallaigh an méadú a tháinig ar ghníomhaíocht sa Roinn Forfheidhmiúcháin Pleanála go rabhthas in ann comhlíonadh a bhaint amach trí idirbheartaíocht ina lán cásanna, nó trí leas a bhaint as ionchúisimh i gcásanna nár comhlíonadh leis an reachtaíocht pleanála. Dá thoradh seo, tá tuiscint níos fearr ag daoine ar an riachtanas atá ann an cód pleanála a chomhlíonadh.

CONCLUSION

The redevelopment of Cork Docklands is a key project for the city and one of the core elements contained in the Cork Area Strategic Plan (C.A.S.P.) and the Cork City Development Plan 2009-2015. The redevelopment of the area is seen as a key factor in the growth of Metropolitan Cork and the Cork Gateway. The first major planning application in the South Docks area was granted permission in March 2009 at the former Ford's distribution Centre in Centre Park Road. The application proposed the development of an Events centre, a hotel, part of the proposed Neighbourhood Centre and a number of mixed commercial/residential schemes. A second large application was granted permission in May 2009 for the R & H Hall site on Kennedy Quay. Consultants were sought in 2009 for the design of the public realm/public spaces in Docklands.

Cork City Council was shortlisted for 2 Zurich LAMA Awards 2009, "Best use of External Communications" for its webpages www.corkcity.ie/news and "Best Eco-Friendly Building". The Zurich awards were created to honour exemplary projects within the community. They seek to generate recognition of the efforts, accomplishments and positive contributions of the individuals, companies and local government authorities who make these happen. At the awards ceremony held on January 24th, 2009 Cork City Council won the "Best Eco Friendly Building" category in respect of the newly built extension to the City Hall.

In 2009, Cork City Council was allocated funding of €425,548 under the National Disability Strategy 2009. This funding allowed the Council to continue with various projects to assist persons with disabilities. The housebound library service continues to be extremely popular and now serves all areas of the city 5 days a week. The city library also targeted two particular projects with the funding they received under the strategy, namely "Children and Teenagers who are visually impaired" and "Children and Young People with Autism and special learning difficulties. The funding also facilitated the continuation of disability awareness training and improved accessibility to City Council buildings and the external environment- dishing of footpaths, tactile paving and countdown-timer pedestrian crossings. Accessibility audits continued on our websites, and BrowseAloud is now available on all City Council websites.

Joe Gavin
City Manager

CONCLÚID

Príomhthionscadal don chathair é athfhorbairt Dhuganna Chorcaí mar aon le ceann de na príomhghnéithe atá le fáil i bPlean Straitéiseach Limistéar Chorcaí (C.A.S.P.) agus Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2009-2015. Áirítear athfhorbairt an cheantair mar ghné lárnach i bhforbairt Chathair Chorcaí agus Tairseach Chorcaí. Ceadaíodh an chéad mhór-iarratas pleanála thart ar na Duganna Theas i mí an Mhárta 2009 ag seán-ionad dáileacháin Ford ar Bhóthar na Páirce Láir. Moladh san iarratas forbairt a dhéanamh ar ionad Imeachtaí, óstán, cuid den Ionad Comharsanachta agus roinnt scéimeanna ilchineálacha tráchtála/cónaitheacha. Ceadaíodh an dara hiarratas mhór i mBealtaine 2009 – Halla R & H ar Ché Uí Chinnéide. Chuathas sa tóir ar chomhairleoirí i 2009 chun an limistéar poiblí nó spásanna poiblí i gCeantar na nDuganna a dhearadh.

Ainmníodh Comhairle Cathrach Chorcaí ar an ngearrliosta le haghaidh dhá Ghradam Zurich LAMA 2009, "Best use of External Communications" le haghaidh na leathanaigh ghréasáin www.corkcity.ie/news agus "Best Eco-Friendly Building". Bunaíodh gradaim Zurich d'fhonn aitheantas a thabhairt do thionscadail eiseamláireacha atá á gcur i gcrích ag an bpobal. Tá sé mar aidhm leo aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí, d'éachtaí agus rannpháirtíocht dhearfach daoine aonair, cuideachtaí agus údaráis rialtais áitiúla. Ag searmanas bronnta na ngradam ar an 24ú Eanáir 2009, bhuaigh Comhairle Cathrach Chorcaí gradam sa chatagóir "Best Eco Friendly Building" don síneadh nuathógtha ar Halla na Cathrach.

I 2009 leithdháileadh maoiniú €425,548 do Chomhairle Cathrach Chorcaí faoi Straitéis Náisiúnta Míchumais 2009. Chiallaigh an maoiniú seo go raibh ar chumas na Comhairle leanúint le tionscadail éagsúla a raibh sé mar aidhm leo cabhrú le daoine faoi mhíchumas. Tá an-tóir ar an tseirbhís leabharlainne atá á cur ar fáil dóibh siúd atá gafa sa teach agus tá an tseirbhís ar fáil anois ar fud na cathrach, cúig lá in aghaidh na seachtaine. Lena chois sin, dhírigh leabharlann na cathrach ar dhá thionscadal ar leith leis an maoiniú a fuair siad faoin straitéis, b'iad sin "Children and Teenagers who are visually impaired" agus "Children and Young People with Autism and special learning difficulties". Chomh maith leis sin, thacaigh an maoiniú le leanúint le hoiliúint feasachta míchumais agus rochtain feabhsaithe ar fhoirgnimh na Comhairle Cathrach agus an timpeallacht sheachtrach - leacú cosán, pábháil thadhlach agus trasrianta uainithe coisithe. Leanadh le hiniúchtaí inrochtaineachta a dhéanamh ar na láithreáin ghréasáin uile, agus tá BrowseAloud ar fáil anois ar láithreáin ghréasáin uile na Comhairle Cathrach.

Seosamh Ó Gabháin
Bainisteoir na Cathrach

NOTES NOTAÍ

Tuarascáil Bhliantúil
Annual Report
2009

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL